# Eleathanach 376

**Dé Luain, an 8 Márta, 2021**

## Seachtain na Gaeilge 2021

Is féile bhliantúil idirnáisiúnta í Seachtain na Gaeilge ón 1 go 17 Márta. Bíonn an teanga agus cultúr na hÉireann á gceiliúradh timpeall na tíre agus an domhain uile.

I mbliana, ar ndóigh, tá na himeachtaí go léir ar líne agus ar an teilifís! Tá a lán eolais faoi na himeachtaí agus faoi ghníomhaíochtaí agus chluichí ar fáil ar an suíomh www.snag.ie

Chomh maith leis sin, beidh leagan Gaeilge den scannán *The Breadwinner* ar RTÉ ar Lá Fhéile Pádraig. Is é *An Saothraí* ainm Gaeilge an scannáin agus is iad Nora Twomey agus Salún Cartún na cruthaitheoirí.



Insíonn *An Saothraí* scéal faoi Parvana, cailín óg 11 bhliain d'aois atá ag fás aníos faoin Taliban san Afganastáin in 2001.

Déan iarracht páirt a ghlacadh in imeachtaí *Sheachtain na Gaeilge!*

## Féile Pádraig 2021

Beidh Féile Pádraig ar siúl ón 12-17 Márta agus an téama atá acu i mbliana ná *Dúisigh Éire!* agus na laethanta ag éirí níos faide.

Arís i mbliana beidh cianpharáid ar siúl, toisc nach féidir le daoine bailiú le chéile i ngrúpaí móra.

Tá suíomh idirlín acu le heolas faoi na himeachtaí go léir agus tá rannóg ar leith - *SPF óg* - do dhaoine óga agus dá dteaglaigh: https://www.stpatricksfestival.ie/strands/spf-og

St.Patrick's festival



Misneach óg!





## Madra nua ag an Uachtarán

Tá madra óg nua ag Uachtarán na hÉireann, Micheál D Ó hUigínn.  Is coileán cúig mhí d'aois é. Is madra sléibhe Beirneach. Beidh ar an Uachtarán an madra nua a thraenáil toisc gur coileán óg é.

An t-ainm atá ar an madra ná Misneach, ainm a oireann don am deacair seo.

Tá madra eile ag an Uachtarán. Bród is ainm dó. Nuair a thagann cuairteoirí go hÁras an Uachtaráin, tá sé de nós ag Bród fáilte a chur rompu in éineacht leis an Uachtarán agus lena bhean chéile, Sabina.

Nuair a bheidh sé ceadaithe, beidh Misneach in éineacht le Bród ar chéimeanna an Árais ag fanacht leis na cuairteoirí.

Sheol an tUachtarán Seachtain na Gaeilge ag tús na míosa. Mhol sé dúinn ár gcuid Gaeilge a úsáid agus taitneamh a bhaint aisti!


Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta